# Tuarascáil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

**AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE**
**Ionad na nEolaíochtaí Sláinte**
**Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath**
**Belfield**
**Baile Átha Cliath 4**
**Éire**

**Teil: (01) 7165555**

**Facs: (01) 7165511**

# CLÁR ÁBHAIR

**Leathanach :**

BUNÚ AGUS FEIDHMEANNA AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 1
GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2
1. Anailís ar Alcóil Fhola agus Fhuail 2
1.1 Líon na nEiseamal a Sholáthraítear in Ospidéil 2
1.2 Anailís ar Am 2
1.3 Meánleibhéil Alcóil in Eiseamail Fhola & Fhuail 2
1.4 Thar an Teorainn Dlíthiúil Faoi Dhó 3
1.5 Leibhéil Alcóil in Eiseamail Fhola & Fhuail 3
2. Anailís Alcóil Anála 8
2.1 Suiteáil Ionstraimí 8
2.2 Tástáil & Cuairteanna ar Stáisiúin na nGardaí 8
2.3 Oiliúint ar Thástáil Fhianaiseach Anála 8
2.4 Ionstraimí Nua 8
2.5 Meánleibhéal Alcóil san Anáil 8
2.6 Thar an Teorainn Dlíthiúil Faoi Dhó 8
2.7 Scagadh Alcóil Anála ar Thaobh an Bhóthair 8
2.8 Anailís ar Eiseamail Anála 9
3. Anailís Dhrugaí Fhola agus Fhuail 11
4. Seirbhísí Saineolaithe Gairmiúla & Freastal ar Chúirt 13
BALLRAÍOCHT AR CHOISTÍ A BHAINEANN LE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 13
COMHDHÁLACHA, CÚRSAÍ AGUS CRUINNITHE AR A BHFREASTAIL FOIREANN LE LINN 2010 13
CEAPACHÁIN FHOIRNE I 2010 17
RIALÚ CORPARÁIDEACH 17
1. Comhlíonadh 17
2. Ballraíocht agus Cruinnithe an Bhiúró 17
3. Leasa an Bhoird 17
4. Coiste Iniúchta 17
5. Soláthar 17
6. Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 17
7. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 18
8. Sceideal Táillí agus Costais Charntha Íoctha le Stiúrthóirí le linn 2010 18
AN tACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997 18
RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS 19
SAORÁIL FAISNÉISE 20

# BUNÚ AGUS FEIDHMEANNA AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre freagrach as tástáil cheimiceach d'ábhair mheisceacha i dtaca le tiomáint in Éirinn. Is comhlacht corparáideach é an Biúro, a bhunaigh an tAire Rialtais Áitiúil i Samhain 1968 faoi Chuid V den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968. Athraíodh teideal an Aire go dtí Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil ar 22 Iúil 1997. I Meitheamh 2002 tháinig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi fhreagracht an Aire Iompair, tar éis an Ordaithe le Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a aistriú, 2002.

Tá feidhmeanna an Bhiúró leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968 –2007 agus ina rialúcháin, agus cuirtear in áireamh na nithe seo a leanas:

- Fáil agus anailís le haghaidh ábhar meisceach d'eiseamail fhola agus fhuail a chuirtear chuig an mBiúró.
- Teastais anailíse a eisiúint.
- Trealamh a sholáthar le heiseamail fhola agus fhuail a ghlacadh nó a sholáthar.
- Faomhadh, soláthar agus tástáil de threalamh nó gléasra a léirionn láithreacht alcóil san anáil.
- Faomhadh, soláthar agus tástáil de threalamh nó gléasra le tiúchan alcóil san anáil a dheimhniú.
- Taighde ar ólachán agus drugaí i dtaca le tiomáint, lena n-áirítear na modhanna le méid alcóil nó drugaí i gcorp an duine a dheimhniú chomh maith leis an eipidéimeolaíocht le tiomáint faoi thionchar ábhar meisceach.

Faigheann an Biúró a mhaoiniú ó Dheontas Bliantúil as an Vóta don Roinn Iompair. Is é an tAire Iompair a cheapann an Bord, ina bhfuil cúigear comhaltaí (an Stiúrthóir san áireamh). Is iad comhaltaí an Bhoird an tOllamh Cecily Kelleher (Cathaoirleach), an tOllamh Denis A. Cusack (Stiúrthóir), an tUas. Declan Hayes, an tUas. Philip Joyce agus an Dr. Niall McNamara.

Úsáideann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre foirgnimh agus foireann faoi chomhaontú le Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, Scoil Leighis agus Eolaíochta Leighis, Ionad na nEolaíochta Sláinte, Belfield, Baile Átha Cliath 4. Fostaíonn an Biúró faoi láthair: Príomh-Anailísiú, triúr Príomh-Anailísithe, cúigear Anailísithe Sinsearacha, naonúr Anailísithe, Oifigeach TF, Oifigeach Teicniúil Sinsearach, Oifigeach Teicniúil, beirt Fhreastalaithe Saotharlainne, beirt Fhreastalaithe Fháiltithe, Oifigeach Sinsearach Riaracháin, beirt Oifigeach Riaracháin, triúr Cúntóirí Sinsearacha Feidhmiúcháin agus ceathrar Cúntóirí Feidhmiúcháin. Tá an Stiúrthóir freagrach as bainistiú laethúil an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

I 2010 rinneadh anailís ar iomlán de 12,958 eiseamal fola, fuial agus anála le haghaidh tiúcháin alcóil. Is é seo laghdú foriomlán de 19% ar an líon iomlán eiseamal a ndearnadh anailís orthu le linn 2009. Léiríonn Cairt 1 miondealú de gach eiseamal fola, fuail agus anála a ndearnadh anailís orthu le linn 2010 agus sa tréimhse deich mbliana roimhe sin. Rinneadh anailís ar 1,554 le haghaidh láithreachta drugaí, rud a leiríonn laghdú de 21.5% ar na figiúir i 2009.

Rangaíodh gníomhaíochtaí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre don tuarascail seo sna cúig phríomhchlár mar seo a leanas:

1. **Anailís Alcóil Fhola agus Fhauil**
2. **Anailís Alcóil Anála**
3. **Anailís Dhrugaí Fhola agus Fhuail**
4. **Taighde – Tiomáint faoi Thionchar Ábhar Meisceach**
5. **Seirbhísí Saineolaithe Gairmiúla agus Freastal ar Chúirt**

Is é an miondealú mar seo a leanas:

## 1. Anailís Alcóil Fhola agus Fhuail

Fuarthas iomlán de 4,443 eiseamal fola agus fuail le haghaidh anailíse le linn 2010. Rinneadh anailís agus eisíodh teastais i 4,291 de na cásanna seo. I 152 (3.4%) cás, níor eisíodh teastais mar gheall ar locht san eiseamal nó sa doiciméad a bhí leis. Léiríonn líon na n-eiseamal fola agus fuail a fuarthas i 2010 laghdú de 17% ar an líon a fuarthas le linn 2009.

### 1.1 Líon na nEiseamal a Soláthraíodh in Ospidéil

I 2010 soláthraíodh 278 eiseamal in ospidéil, rud a léiríonn laghdú de 13.7% i líon na n-eiseamal i gcomparáid le 2009, ach tá comhréir iomlán na n-eiseamal a glacadh in ospidéil ag 6% fós. Bhí tiúchán alcóil sa bhreis ar 150mg/100ml fola nó 200mg/100ml fuail ag 23% acu siúd, agus 24% acu a bhí sa bhreis ar 200mg/100ml fola nó 267mg/100ml fuail.

### 1.2 Anailís ar Am

Sa líon iomlán d'eiseamail fhola agus fhuail a fuarthas, soláthraíodh 71.8% idir 9.00 p.m. agus 6.00 a.m., 13.4% idir 4.00 p.m. agus 9.00 p.m., agus an 14.8% eile idir 6.00 a.m. agus 4.00 p.m. Tá an patrún seo comhchosúil leis sin i 2009 agus 2008.

### 1.3 Meánleibhéil Alcóil in Eiseamail Fhola agus Fhuail


Ba é 127mg/100ml an meánleibhéal alcóil san fhuil.
Ba é 135mg/100ml an meánleibhéal alcóil san fhual.

## 1.4 Thar an Teorainn Dlíthúil Faoi Dhó


Le linn 2010 deimhníodh 1,469 eiseamal a bhí thar an teorainn dlíthiúil faoi dhó nó níos mó. Léiríonn an figiúr seo 34.2% de líon iomlán na n-eiseamal a deimhníodh.

## 1.5 Leibhéil Alcóil in Eiseamail Fhola & Fhuail


Taispeántar i dTáblaí I agus II sa tuarascáil seo an miondealú de thiúchan alcóil in eiseamail fhola agus fhuail a fuarthas le linn 2010. Déantar comparáid i dTáblaí III agus IV le leibhéil fhola agus fhuail sna blianta roimhe. Comhfhreagraíonn Cairteacha 2 agus 3 le Táblaí I agus II agus comhfhreagraíonn Cairteacha 4 agus 5 le Táblaí III agus IV faoi seach. Tugadh tástáil sainordaitheach alcóil isteach in Iúil 2006.



## Cairt 2
## MÉID ALCÓIL DEIMHNITHE D'EISEAMAIL FHOLA A FUARTHAS I 2010




## Cairt 3
## MÉID ALCÓIL DEIMNITHE D'EISEAMAIL FHUAIL A FUARTHAS I 2010




## TÁBLA I
## MÉID ALCÓIL DEIMHNITHE D'EISEAMAIL FHOLA A FUARTHAS I 2010

| Mg. Alcóil an 100ml Fola | Céad Ráithe | Dara Ráithe | Tríú Ráithe | Ceathrú Ráithe | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| **0 – 80** | 171 | 211 | 182 | 173 | **737** |
| **TEORAINN DLÍTHIÚIL** | | | | | |
| **81 - 100** | 50 | 36 | 38 | 28 | **152** |
| **101 - 150** | 120 | 122 | 106 | 94 | **442** |
| **151 - 200** | 120 | 151 | 144 | 108 | **523** |
| **201 & Níos Mó** | 135 | 112 | 130 | 123 | **500** |


## TÁBLA II
## MÉID ALCÓIL DEIMHNITHE D'EISEAMAIL FHUAIL A FUARTHAS I 2010

| Mg. Alcóil an 100ml Fuail | Céad Ráithe | Dara Ráithe | Tríú Ráithe | Ceathrú Ráithe | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| **0 - 107** | 222 | 212 | 190 | 180 | **804** |
| **TEORAINN DLÍTHIÚIL** | | | | | |
| **108 - 135** | 35 | 40 | 30 | 28 | **133** |
| **136 - 200** | 95 | 111 | 101 | 59 | **366** |
| **201 - 267** | 106 | 83 | 89 | 100 | **378** |
| **268 & Níos Mó** | 66 | 74 | 53 | 63 | **256** |

## Cairt 4
## LEIBHÉIL ALCÓIL SAN FHUIL I gCOMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE SIN




## Cairt 5
## LEIBHÉIL ALCÓIL SAN FHUAL I gCOMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE SIN



## TÁBLA III
## LEIBHÉAL ALCÓIL FOLA – COMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE

| Mg. Alcóil an 100ml Fola | 2010 | | 2009 | | Tréimhse 5 Bliana 2004-2008 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | No. | % | No. | % | No. | % |
| 0 - 80 | 737 | 31.3 | 926 | 31.9 | 2,899 | 20.4 |
| **Teorainn Dlíthiúil** | | | | | | |
| 81 - 100 | 152 | 6.5 | 166 | 5.7 | 873 | 6.1 |
| 101 - 150 | 442 | 18.8 | 589 | 20.3 | 2,926 | 20.5 |
| 151 - 200 | 523 | 22.2 | 605 | 20.9 | 3,709 | 26.0 |
| 201 & Níos Mó | 500 | 21.2 | 614 | 21.2 | 3,853 | 27.0 |

## TÁBLA IV
## LEIBHÉAL ALCÓIL FUAIL – COMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE

| Mg. Alcóil an 100ml Fuail | 2010 | | 2009 | | Tréimhse 5 Bliana 2004-2008 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | No. | % | No. | % | No. | % |
| 0 - 107 | 804 | 41.5 | 1,019 | 43.8 | 3,009 | 29.0 |
| **Teorainn Dlíthiúil** | | | | | | |
| 108 - 135 | 133 | 6.9 | 161 | 6.9 | 756 | 7.3 |
| 136 - 200 | 366 | 18.9 | 436 | 18.7 | 2,215 | 21.4 |
| 201 - 267 | 378 | 19.5 | 410 | 17.6 | 2,507 | 24.2 |
| 268 & Níos Mó | 256 | 13.2 | 300 | 12.9 | 1,878 | 18.1 |

## 2. Analís ar Alcól Anála

I 2010 glacadh iomlán de 8,515 eiseamal anála i Stáisiúin na nGardaí. Is é sin laghdú de 19.9% ar 2009. Deimhníodh 7,787 de na heiseamail; bhí 74% thar an teorainn dlíthiúil. Sa líon iomlán tástálacha anála a cláraíodh, ní raibh ráiteas soláthraithe faoi Alt 17 den Acht um Thrácht ar Bhóithre mar thoradh i dtaca le 728 tástáil.

### 2.1 Suiteáil Ionstraimí

Is é seasca a ceathair líon iomlán na nIonstraimí atá suiteáilte i Stáisiúin na nGardaí ar fud na tíre.

### 2.2 Tástáil agus Cuairteanna ar Stáisiúin na nGardaí

Thug eolaithe an Bhiúró cuairt agus thástáil siad gach ionstraim a suiteáladh roimhe sin i stáisiúin na nGardaí dhá uair ar a laghad gach bliain. Thug eolaithe an Bhiúró breis is céad seachtó cuairt ar shuíomhanna ionstraimí EBT ar fud na hÉireann i 2010. Cuimsíodh sna cuairteanna seo tástáil, cothabháil agus iniúchtaí ordaithe ag an gcúirt.

### 2.3 Oiliúint ar Thástáil Fhianaiseach Anála

Leanadh ar aghaidh leis an gcúrsa oiliúna dhá lá EBT le linn 2010, rud a cuireadh ar fáil le hoiliúint a chur ar Oibreoirí agus Maoirseoirí Gardaí. Is iad eolaí an Bhiúró agus ball de scoil oiliúna inseirbhíse an Gharda Síochána a bhí i mbun na gcúrsaí oiliúna ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Tionóladh na cúrsaí oiliúna seo a leanas le linn 2010:

- Ocht gCúrsa Oiliúna le haghaidh Oibreoirí
- Ceithre Chúrsa le haghaidh Maoirseoirí

### 2.4 Ionstraimí Nua

Mar ullmhúchán don athrú sa reachtaíocht maidir le teorainneacha tiomána óil a laghdú, ghlac an Biúró páirt i bpróiseas dialóige iomaíoch an AE. Rinneadh measúnú agus luacháil ar gach ionstraim a cuireadh isteach, agus bhain an próiseas iomlan le gealltanas mór ón mBiúró i 2010.

### 2.5 Meánleibhéal Alcóil san Anáil

Ba é 52.36µg/100ml an meánleibhéal alcóil san anáil.

### 2.6 Thar an Teorainn Dlíthiúil Faoi Dhó

Bhí 23.5% de líon na n-eiseamal anala a solathraíodh thar an teorainn dlíthiúil faoi dhó.

### 2.7 Scagadh Alcóil Anála ar Thaobh an Bhóthair

Lean an Biúró ar aghaidh le gléasanna leictreonacha Draeger 6510 a eisíodh don Gharda a thacú. Ó 2005 cheannaigh an Biúró iomlán de 1,287 gléas leictreonaic taobh an bhóthair Dreager. Go dtí seo cailleadh nó scriosadh 179(13.9%) de na gléasanna seo. I ngnáthchúrsaí eisítear thart faoi 90% de ghléasanna don Gharda.


## 2.8 Anailís ar eiseamail Anála

Soláthraíonn Cairt 6 agus Tábla V miondealú de leibhéil alcóil a ríomhtar san anáil le linn 2010. Déantar i dTábla VI comparáid le leibhéil alcóil in eiseamail anála a fuarthas i 2010 le leibhéil a fuarthas i 2009.

### TÁBLA V
### MÉID ALCÓIL DEIMHNITHE D'EISEAMAIL ANÁLA A SOLÁTHRAÍODH I 2010

| Mg. Alcóil an 100ml Anála | Cad Ráithe | Dara Ráithe | Tríú Ráithe | Ceathrú Ráithe | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| **0 - 35** | 489 | 585 | 499 | 451 | **2,024** |
| **TEORAINN DLÍTHIÚIL** | | | | | |
| **36 – 44** | 226 | 278 | 276 | 231 | **1,011** |
| **45 – 66** | 627 | 670 | 631 | 582 | **2,510** |
| **67 – 88** | 394 | 412 | 447 | 396 | **1,649** |
| **89 & Níos Mó** | 137 | 162 | 141 | 153 | **593** |

### Cairt 6
### MÉID ALCÓIL DEIMHNITHE D'EISEAMAIL ANÁLA A NDEARNADH ANAILÍS ORTHU I 2010




µg d'alcól in aghaidh 100ml d'anáil

## TÁBLA VI
## COMPARÁID LEIBHÉIL ANÁLA ALCÓIL LE BLIANTA ROIMHE

| µg alcóil an 100ml Anála | 2010 | | 2009 | | Treimhse 5 Bliana 2004 - 2008 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | No. | % | No. | % | No. | % |
| 0 - 35 | 2,024 | 26.0 | 2,652 | 27.3 | 11,968 | 22.8 |
| TEORAINN DLÍTHIÚIL | | | | | | |
| 36 – 44 | 1,011 | 13.0 | 1,261 | 13.0 | 6,397 | 12.2 |
| 45 – 66 | 2,510 | 32.2 | 3,120 | 32.1 | 17,689 | 33.6 |
| 67 – 88 | 1,649 | 21.2 | 1,949 | 20.0 | 12,068 | 22.9 |
| 89 & Níos Mó | 593 | 7.6 | 740 | 7.6 | 4,463 | 8.5 |

## TÁBLA VII
## COMPARÁID EISEAMAL LEIBHÉAL ALCÓIL FOLA, FUAIL & ANÁLA LE BLIANTA ROIMHE

| Méid Alcóil | | | 2010 | | 2009 | | Tréimhse 5 bliana 2004- 2008 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| FUIL mg/100ml | FUAL mg/100ml | ANÁIL µg/100ml | No. | % | No. | % | No. | % |
| 0 – 80 | 0 – 107 | 0 – 35 | 3,565 | 29.5 | 4,597 | 30.8 | 17,876 | 23.1 |
| TEORAINN DLÍTHIÚIL | | | | | | | | |
| 81-100 | 108 – 135 | 36 – 44 | 1,296 | 10.7 | 1,588 | 10.6 | 8,026 | 10.4 |
| 101 – 150 | 136 – 200 | 45 – 66 | 3,318 | 27.5 | 4,145 | 27.7 | 22,830 | 29.6 |
| 151 – 200 | 201 – 267 | 67 – 88 | 2,550 | 21.1 | 2,964 | 19.8 | 18,284 | 23.7 |
| 201 agus níos mó | 268 agus níos mó | 89 agus níos mó | 1,349 | 11.2 | 1,654 | 11.1 | 10,194 | 13.2 |

Léiríonn Tábla VII an chomparáid idir 2010 agus 2009 maidir le torthaí deimhnithe fola, fuail agus anála a fuarthas le haghaidh anailíse leis an tréimhse cúig bliana roimhe.

## 3 Anailís Dhrugaí Fhola agus Fhuail


Déanann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre anailís ar eiseamail fhola agus fhuail le haghaidh láithreachta drugaí faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre (DUID).

Déanann an Biúró anailís le haghaidh láithreachta de sheacht ndruga éagsúla nó ranganna druga trí mhodh oibre imdhíon-mheasúnachta a úsáid (ELISA) agus déantar anailís dheimnithe trí Chrómatagrafaíocht Gháis/Mais-Speictriméadracht (GC/MS) nó Crómatagrafaíocht Leachta/ Mais-Speictriméadracht (LC/MS) a úsáid. Thug an Biúró tástáil dheimhnithe isteach le haghaidh láithreachta drugaí sa rangú cannaibionóidigh in eiseamail fhola agus fhuail ina bhfoirgnimh ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath in Aibreán 2010. Rinne an Biúró anailís ar 562 eiseamal trí anailís GC/MS a úsáid. Cuireadh ar aghaidh gach eiseamal eile dearfach chuig Saotharlann Ceimiceora an Rialtais (LGC) le haghaidh anailíse deimhnithe. Lean an Biúró ar aghaidh le modh maidir le tástáil dheimhnithe de bheinsidhé-asaipín san fhual a fhorbairt ag a Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.


Fuarthas iomlán de 1,554 eiseamal fola agus fuail le haghaidh anailíse le linn 2010. Deimhníodh 1,163 (75%) d'eiseamail le haghaidh láithreachta druga nó drugaí, agus deimhníodh 391 (25%) d'eiseamal gan druga ar bith a bheith faighte.

Is é seo laghdú de 21.6% ar líon na n-eiseamal DUID a ndearnadh tástáil orthu i 2009. Áirítear leis seo gach eiseamal a fuarthas a bhí faoin teorainn dlíthiúil i dtaca le halcól, agus 18 n-eiseamal nuair a bhí leibhéal an alcóil os cionn na teorann dlíthiúla agus sna cásanna seo d'iarr an Garda an anailís dhruga. Bhí eiseamal freisin ann ar a ndearnadh analaís alcóil trí thástáil alcóil fhianaiseach anála a dhéanamh agus sa chás sin d'iarr an Garda anailís dhruga.

## Cairt 7
## ANAILÍS DHRUGAÍ – BUNTÁSTÁIL 2010




## Cairt 8
## ANAILÍS DHRUGAÍ – TÁSTÁIL DHEIMHNITHE 2010



### 4 Seirbhísí Saineolaithe Gairmiúla agus Freastal ar Chúirt

Ba é octhó a trí an líon iomlán cásanna nuair a bhí ar chomhaltaí éagsúla an Bhiúró fianaise shaineolaithe ghairmiúil spleácha a sholáthar i gcásanna cúirte le linn na bliana, ceithre cinn acu a bhain le hanailís alcóil fhola agus fhuail. Bhain aon chás déag le hagóid dhlíthiúla i dtaca le Tástáil Fhianaiseach Anála agus seasca acu a bhain le hanailís dhrugaí. Bhí ball na foirne ar fuireachas le freastal ar chúirt roinnt uaireanta, ach ní raibh siad de dhíth.

Leanann an Biúró ar aghaidh le tacú saineolaithe gairmiúil spleách a sholáthar mar chuidiú leis na gcúirteanna i riarachán córa. Chuir an méadú i líon na gcásanna cúirte i gcomparáid le 2009, ina raibh 29 cás, go mór le hualach oibre an Bhiúró.

## BALLRAÍOCHT DE CHOISTÍ ATÁ BAINTE LE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Is ball é an Stiúrthóir de Phainéal Comhairleach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus bhí sé i láthair ag dhá chruinniú ar 9 Aibreán agus 27 Meitheamh 2010.

## COMHDHÁLACHA, CÚRSAÍ AGUS CRUINNITHE A D'FHREASTAIL AN FHOIREANN ORTHU LE LINN 2010

1. D'fhreastail Oifigeach Teicniúil ar chúrsa de chuid Microsoft Server Management i Sureskills, 14 Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2. Bhí an cúrsa seo ar siúl ar feadh cúig lá, idir 11 agus 15 Eanáir, 2010.

2. D'fhreastail Príomhanailísí ar chúrsa leathlae a bhain le hArdscileanna Cumarsáide, ar 13 Eanáir, 2010 in Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

3. D'fhreastail Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar lá oiliúna a bhain le hiarratas AB Sciex LCMS, ar 4 Feabhra 2010 sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

4. D'fhreastail Cúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin ar sheisiún eolais ar "InfoView do Thuairisciú Ionaid Chostais" ar 11 Feabhra 2010, Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

5. D'fhreastail Cúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin ar Chúrsa Gharchabhair Oibre ar 8 Márta 2010 in Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

6. D'fhreastail Anailísí ar Chúrsa a bhain le Bunoiliúint Oibreora le Bogearraí Analyst® do Chóras 3200 QTRAP® in AB Sciex Warrington, An Ríocht Aontaithe. Bhí an cúrsa seo trí lá, idir 9 agus 11 Márta 2010.

7. Thug Anailísí Sinsearach cuairt ar Shaotharlann na Seirbhíse Dlí-eolaíochta ar 11 Márta 2010 i Lambeth Thuaidh, Londain

8. D'fhreastail Príomhanailísí ar Chruinniú Chaighdeáin CEN d'Fhéinthástálaí Alcóil san Anáil. Bhí an cruinniú seo ar siúl ar feadh dhá lá, idir 18 agus 19 Márta 2010 san Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath.

9. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar chúrsa trí lá dar teideal "Achieving Results Through People" ar 26 Márta, ar 22 Aibreán agus ar 20 Bealtaine, 2010 in Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

10. D'fhreastail Anailísí ar chúrsa lae dar teideal "Improve Your Communication Skills" ar 9 Aibreán 2010 in Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

11. D'fhreastail Anailísí ar Chúrsa Borkenstein a bhain le DUID (Tiomáint faoi Thionchar an Óil). Bhí an cúrsa seo ar siúl ar feadh sé lá, idir 11 agus 16 Aibreán, in Ollscoil Indiana, Bloomington, Indiana, SAM.

12. Thug idir Phríomhanailísí agus Anailísí Sinsearach cuairt ar an tSaotharlann Stáit i Saotharlann Bhacastúin, Cill Droichid, Co. Chill Dara ar 22 Aibreán 2010.

13. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chúrsa Borkenstein a bhain le Sábháilteacht Tráchta agus Alcóil. Bhí an cúrsa seo ar siúl ar feadh cúig lá, idir 25 agus 30 Aibreán 2010 in Ollscoil Indiana, Bloomington, Indiana, SAM.

14. D'fhreastail Anailísí, Anailísí Sinsearach agus Príomhanailísí ar lá oiliúna Paradigm ar 27 Aibreán, 2010 sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

15. D'fhreastal triúr ball foirne ar Chúrsa ar Láimhsiú Sábháilte ar 28 Aibreán, 2010 in Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

16. D'fhreastail Príomhanailísí agus Anailísí Sinsearach ar Chruinniú Mhais-Speictriméadrachta na hÉireann ar 12 Bealtaine 2010 ag Óstán na Ba Dheirge, Baile Átha Cliath

17. D'fhreastail Anailísí ar Chúrsa Scríofa Tuarascálacha a bhí ar siúl idir 18 agus 19 Bealtaine 2010 in Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

18. D'fhreastail Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar Chúrsa Oiliúna leathlae a bhain le Bogearraí Barrachóid, agus a bhí ar siúl ar 21 Bealtaine, 2010 sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

19. D'fhreastail Príomhanailísí ar Chruinniú in Institiúid Náisiúnta na Méadreolaíochta. Bhí sé seo ar siúl ae feadh dhá lá, idir 24 agus 25 Bealtaine 2010 i nDordrecht, An Ísiltír.

20. D'fhreastail Príomhanailísí ar Chruinniú Chaighdeáin CEN d'Fhéinthástálaí Alcóil san Anáil. Bhí an cruinniú seo ar siúl ar feadh trí lá, idir 2 agus 4 Meitheamh 2010 in AFNOR, Páras, An Fhrainc.

21. D'fhreastail beirt Phríomhanailísí ar Chruinniú Chumann na hÉireann & na Ríochta Aontaithe de Thocsaineolaithe Fóiréinseacha ar 4 Meitheamh 2010 i Saotharlann Trident Sheirbhís na hEolaíochta Fóiréinsí, Birmingham, An Ríocht Aontaithe.

22. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar chúrsa a bhain le Fabhtcheartú & Cothabháil GC. Bhí an cúrsa seo ar siúl ar feadh dhá lá, idir an 15 agus 16 Meitheamh 2010, i Carl Stuart Teoranta Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

23. D'fhreastail Freastalaí Fáiltithe ar chúrsa leathlae dar teideal "Introduction to Performance Management Development System" ar 17 Meitheamh 2010 in Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

24. Thug Príomhanailísí cuairt ar Shaotharlann LGC ar 22 Iúil 2010 i gCulham, An Ríocht Aontaithe

25. D'fhreastail an Stiúrthóir agus an Príomhanailísí ar an gComhdháil Idirnáisiúnta ar Shábháilteacht Tráchta, Dhrugaí agus Alcóil a bhí ar siúl idir an 22 agus an 25 Lúnasa 2010 in Ionad Chomhdhála Osló, An Iorua.

26. D'fhreastail an Príomhanailísí agus triúr Anailísí Sinsearacha ar Chúrsa Oiliúna LIMS a bhí ar siúl ar feadh trí lá, idir 24 agus 26 Lúnasa 2010, sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

27. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chomhdháil Chumann Idirnáisiúnta na dTocsaineolaithe Fóiréinseacha a bhí ar siúl i mBonn, An Ghearmáin idir 29 Lúnasa agus 2 Meán Fómhair 2010.

28. D'fhreastail Príomhanailísí ar Chruinniú Chumann na hÉireann & na Ríochta Aontaithe de Thocsaineolaithe Fóiréinseacha, a bhí ar siúl idir 6 agus 7 Meán Fómhair, 2010 in Ollscoil Ghlaschú, Albain.

29. D'fhreastail an t-Oifigeach Theicneolaíocht Faisnéise, Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar chúrsa ar Bhainistiú Nátalais (LIMS) a bhí ar siúl ar feadh trí lá, idir 7 agus 9 Meán Fómhair 2010, sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

30. D'fhreastail an Bainisteoir Cáilíochta ar Chruinniú Bhainistíochta Cáilíochta leathlae sa tSaotharlann Stáit i mBacastúin, Cill Droichid, Co. Chill Dara ar 23 Meán Fómhair, 2010.

31. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chúrsa Oiliúna Iniúchóra Inmheánaigh a bhí ar siúl ar feadh dhá lá, idir 28 agus 29 Meán Fómhair, 2010 in Údarás Caighdeánach Náisiúnta na hÉireann.

32. D'fhreastail Príomhanailísí agus Anailísí Sinsearach ar Chruinniú Iniúchta Díoltóra ar 30 Meán Fómhair 2010 ag Faisnéisíocht Thermofisher in Altringham, Cheshire, An Ríocht Aontaithe.

33. D'fhreastail Anailísí Sinsearach agus triúr Anailísí ar Chúrsa ar Oibriú Uirlisí agus ChemStation GC-MS a bhí ar siúl ar feadh dhá lá, idir 30 Meán Fómhair agus 1 Deireadh Fómhair, sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

34. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chruinniú de chuid an Lion Users Group a bhí ar siúl ar feadh dhá lá, idir 7 agus 8 Deireadh Fómhair, 2010 i Stratford-Upon-Avon, An Ríocht Aontaithe.

35. D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil Fómhair Dhámh an Leighis Fhóiréinsigh & Dlí a bhí ar siúl ar feadh dhá lá, idir 14 agus 16 Meán Fómhair 2010, agus ar chomhdháil lae in éineacht le Cumann Ríoga an Leighis ar 16 Deireadh Fómhair, 2010. Bhí an dá chomhdháil ar siúl i Londain.

36. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chomhdháil Chumann na dTocsaineolaithe Fóiréinseacha, a bhí ar siúl idir 18 agus 22 Deireadh Fómhair, 2010 i Richmond, Virginia, SAM.

37. D'fhreastail Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar Chúrsa dar teideal "HPLC for the Laboratory Analyst" a bhí ar siúl ar feadh dhá lá, idir 26 agus 27 Deireadh Fómhair 2010, in Óstán Glenroyal, Maigh Nuad.

38. D'fhreastail an Príomhanailísí, Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar Chúrsa lae LC/MS/MS do Chrómatagrafadóirí ar 28 Deireadh Fómhair 2010 in Óstán Glenroyal, Maigh Nuad.

39. D'fhreastail Cúntóir Feidhmiúcháin ar sheimineár Sláinte & Folláine dar teideal "Effective Communication in the Workplace" ar 5 Samhain 2010 in Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

40. D'fhreastail Anailísí ar Chúrsa Iniúchóra Inmheánaigh a bhí ar siúl ar feadh dhá lá, idir 23 agus 24 Samhain 2010, in Údarás Caighdeánach Náisiúnta na hÉireann, Seantrabh, Baile Átha Cliath.

41. D'fhreastal Príomhanailísí ar Chruinniú Chaighdeáin CEN d'Fhéinthástálaí Alcóil san Anáil. Bhí an cruinniú seo ar siúl ar feadh dhá lá, idir 9 agus 10 Samhain 2010, in AFNOR, Páras, An Fhrainc.

42. Thosaigh Oifigeach Teicniúil ar chúrsa páirtaimseartha a mhaireann dhá bhliain, M.Eng i gCórais Leictreonacha, sa bhliain 2010 in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath.

## CEAPACHÁIN FOIRNE I 2010

Thug an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a sholáthar foirne agus a athstruchtúrú sa Bhiúró chun deiridh i 2010. D'éirigh leis ball nua foirne a earcú:

**Eolaíoch:**

- Anailísí

**Riarachán:**

- Oifigeach Riaracháin Sealadach
- Beirt Chúntóirí Feidhmiúcháin

**IT**

- Oifigeach IT

## RIALÚ CORPARÁIDEACH

Tá Bord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tiomanta chun na caighdeáin is airde de Rialú Corparáideach a choinneáil. Is é an Cód Cleachtais um Rialú de Chomhlachtaí Stáit a fhoilsíonn an Roinn Airgeadais an bunús a d'úsáid an Bord i dtaca le rialú corparáideach. Tá an Bord freagrach don Roinn Iompair agus don Roinn Airgeadais. Buaileann an Bord le cheile go minic agus e freagrach as bainistíocht cheart an Bhiúró. Déanann sé cinntí straitéiseacha móra agus déanann athbhreithniú ar straitéis bhainistíochta riosca agus ar phróisis rialaithe an Bhiúró ar bhonn bliantúil.

### 1. Comhlíonadh

Tá áthas ar an mBord tuairsiciú gur chomhlíon an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre forálacha ábhartha an Chóid Chleachtais um Rialú de Chomhlachtaí Stáit le linn na bliana dar críoch 31 Nollaigr 2010. Rinneadh iniúchadh inmheánach. Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go bliantúil comhlíonadh an Chóid don Aire Iompair.

### 2. Ballraíocht an Bhiúró agus Cruinnithe

Le linn 2010 bhí ceithre chruinniú ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Tionóladh na cruinnithe seo ar 30 Márta 2010, 15 Iúil 2010, 7 Deireadh Fómhair 2010 agus 9 Nollaig 2010.

### 3. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí

Tá an Lia-Bhiúró um Shábhailteacht ar Bhóithre laistigh de raon an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí. Comhlánaíonn Comhaltaí an Bhoird agus ball foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráitis leasa le forálacha na nAchtanna a chomhlíonadh. Ní raibh leas ar bith ag an Bord a bhí i bhfeidhm amhail 31 Nollaig 2010 maidir le cuspóirí na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001.

### 4. Coiste Iniúchta

Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar aon ghné a bhaineann le cúrsaí airgid an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí foirmiúla tagartha. De ghnáth freastalaíonn comhaltaí an Choiste ar na cruinnithe, agus tuairiscíonn an Coiste don Bhord gach dhá bhliain.

### 5. Soláthar

Deimhníonn Bord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre gur chomhlíon sé le linn 2010 nósanna oibre soláthair agus Treoracha ábhartha AE mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialú de Chomhlachtaí Stáit.

### 6. Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre laistigh de théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus, de réir an Achta seo, foilsíonn sé doiciméid dlí agus a Thuarascáil Bhliantúil i nGaeilge agus i mBéarla.

### 7. Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Is rialaitheoir cláraithe sonraí é an Lia-Bhioúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

### 8. Sceideal Táillí agus Costais Charntha Íoctha le Stiúrthóirí le linn 2010

Íocadh na táillí seo a leanas le linn 2010:

| Comhalta an Bhoird | CINEÁL TÁILLE | ÍOCTHA |
|---|---|---|
| An tOllamh Cecily Kelleher, Cathaoirleach | Táille do Chathaoirligh Neamhfheidhmiúcháin de Bhoird na gComhlachtaí Stáit | €9,452 |
| An tUas. Philip Joyce, Comhalta | Táille do Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin de Bhoird na gComhlachtaí Stáit | €6,300 |
| An Dr. Niall McNamara | Táille do Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin de Bhoird na gComhlachtaí Stáit | €6,300 |

## AN tACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Tháinig an tAcht um Íoc Pras Cuntas i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998, agus ón dáta sin bhí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi théarmaí tagartha an Achta agus ó shin chomhlíon sé téarmaí faoin Acht. Faoi chomhaontú le Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, íocann an Coláiste soláthróirí sa chéad dul síos a fhaigheann aisíocaíocht ón mBiúró. Is é polasaí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht

ar Bhóithre a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Mar chomhlacht san earnáil phoiblí, éilítear ar Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath riachtanais an Achta a chomhlíonadh maidir le híocaíochtaí do sholáthróirí le haghaidh soláthair earraí nó seirbhísí agus, dá bhrí sin, tá dian-nósanna oibre i bhfeidhm aige.

Sa chás de líon beag soláthróirí, nuair a fhaigheann an Biúró sonrasc eiseoidh sé íocaíocht le seic go díreach chuig an soláthróir. Ní féidir leis na rialaithe seo ach cinnteacht réasúnta nach iomlán a sholáthar i gcoinne neamhchomhlíonta ábhartha an Achta.

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

### Freagracht an Rialaithe Inmheánaigh

Thar ceann Chomhaltaí Bhord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, admhaím ár bhfreagracht le cinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras sin ach cinnteacht réasúnta, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní sábháilte, go bhfuil bearta údaraithe agus taifead ceart déanta orthu, agus go bhfuil bac ar bhotúin thábhachtacha nó mírialtachtaí, nó go dtabharfaí faoi ndeara iad in am cuí.

### Príomhnósanna Oibre Rialaithe

Leag an Biúró na príomhnósanna oibre rialaithe seo a leanas amach chun rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar laistigh den Bhiúró. Chomhaontaigh an Biúró go bhfuil an Stiúrthóir agus an fhoireann freagrach as cúrsaí oibriúcháin. Tuairiscíonn an Stiúrthóir don Bhiúró ag a chruinnithe, agus bhí ceithre chruinniú i 2010.

Leag an Biúró a nósanna oibre airgeadais agus a chleachtais toscaireachta amach le timpeallacht follasach rialaithe a chinntiú atá cuí do ghníomhaireacht bheag leathstáit. Bhunaigh an Biúró Coiste Iniúchta le linn 2003 le dearbhú cáilíochta de nósanna oibre airgeadais a thacú. Bhí trí chruinniú ag an gCoiste le linn 2010, agus thuairiscigh sé don Bhiúró.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreatlach d'eolas bainistíochta rialta, ghnáthaimh riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt, agus chóras dáilte agus freagrachta. Cuimsíonn sé ach go háirithe:

- Córas buiséadta cuimsitheach le buiséad bliantúil a bhíonn athbhreithnithe agus comhaontaithe ag an mBiúró.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBiúró ar thuarascálacha airgeadais bliantúla agus tréimhsiúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamh-mheastachán.

- Spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais, oibriúcháin agus eile a thomhas.
- Disciplíní bainistíochta tionscadail foirmiúla.

De réir an Chóid Chleachtais um Rialú de Chomhlachtaí Stáit, ceapadh Iniúchóir Inmheanach i 2006. Rinne an tIniúchóir Inmheánach athbhreithniú neamhspleách ar na cuntais i 2010.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Rialaithe

Ruinne an Biúró athbhreithniú ar éifeachtúlacht a chórais de rialú inmheanach airgeadais i 2010 de réir na riachtanas.

An tOllamh Cecily Kelleher,
Cathaoirleach.

## SAORÁIL FASINÉISE

Le linn 2010 fuair an Biúró dhá irratas.

| IARRATAIS A FUARTHAS LE LINN 2010 | |
|---|---|
| **Diúltaithe** | **1** |
| **Aistarraingthe/Déileáilte leis le FOI amuigh** | **0** |
| **Iarratais Ceadaithe** | **1** |
| **Iomlán Iarratas** | **2** |

| | |
|---|---|
| **ATHBHREITHNITHE** | |
| **Iarratais le haghaidh Athbhreithneora Inmheánaigh** | **1** |
| **Iarratais chuig an gCoimisinéir Faisnéise le hathbhreithniú** | **1** |
| **IARRTHÓIRÍ 2010** | |
| **An Pobal i gCoitinne** | **0** |
| **Eile** | **2** |

Leasaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise le linn. Tá soláthar taifead an Bhiúró faoi réir srianta faoi alt 46 (1) (bb) a cuireadh i bhfeidhm i Lúnasa 2010. Dá bhrí sin, ón dáta sin níl taifid coinnithe nó cruthaithe ag an mBiúró, seachas iad a bhaineann le riairachán ginearálta an Bhiúró, inrochtana faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Fágann sin, mar shampla, nach bhfuil taifid a bhaineann le coireanna coiriúla líomhnaithe faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre inrochtana faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Leanann an Biúró ar aghaidh le faisnéis FOI a chur ar fáil chomh héasca agus is féidir. Tá leabhar tagartha Alt 15 agus 16 an Bhiúró ar fail ar iarratas.

Is féidir dul i dteagmháil freisin leis an Aonad FOI ar an teileafón nó trí ríomhphost forensic.medicine@ucd.ie. Baintear úsáid as an seoladh ríomhphoist seo le haghaidh ceisteanna ginearálta ar FOI, ach ní bhaintear úsáid as le hiarratas a chur isteach nuair atá táille iarratais riachtanach.

Cathaoirleach

Stiúrthóir

Dáta: 15 Iúil 2011